AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábhar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. Uim. 39. Dé hAoine, 12ú Samhain, 1965.

EAGARFOCAL. 12-11-65.

Scéim ionṁolta

IS RUD MÓR LE RÁ AR FAD an scéim a túisíoḋ i nGleanncolmcille tá cúpla seaċtain ó ṡoin agus molaimíd an t-Aire Talṁaíoċta a ṫúisíġ é agus an tAṫair Mac Duibhir a rinne an gríosú agus an spreagaḋ a bí na ċiontaiġ lena leiṫid de scéim a ḃeiṫ ann ċor ar biṫ.

IS CUSPÓIR CINTE ANN FÉIN Scéim Gleann Colmcille sa ṁéid agus go ḃfuil sé mar aiḋm aige na gaḃaltaisí sa ġleann a ḋéanaṁ eacnamaiciúl sa dóiġ a dtig le teaġlaċ mairstin ar gaċ gabaltas acu. Aċ ṫairis sin arís is triall agus sompla é no má's féidir a ḋéanaṁ anseo is cinte gur féidir a ḋéanaṁ in áiteaċa eile a ḃfuil na coinníollaċa céanna agus má's féidir ní ḃeiḋ leiṫscéal ar biṫ gan dul ina ċeann.

CORRAḊ LE CÚIG BLIANA Ó ṠOIN moladh sa ṗáipéar seo gurb é seo an dóiġ ar ċeart dul i gceann slánú na Gaeltaċta. Má bí an Ġaeltaċt le caoi mair-eaċtála a ḟáil tré ṁeán na talṁaíoċta, adúramar ag an am, ba ċeart a ṫaispeáint gurb féidir do ṫeaġlaċ a ḃeiṫ beo le caiġdean beaṫa an lae inniu ar ċeann de na gabaltaisí beaga ⁊ ċuige seo ba ġá plean talṁaíoċta a ċeapaḋ agus taréis taiġde cúramaċ ag saineolaiṫe a rá cad é an saġas tairgeaḋ a d'ḟéadfaí a ṡoláṫar óna gaḃaltaisí beaga a ḃéarfaḋ ioncam a ċoṫóḋ caiġdean beaṫa an lae inniu agus go mba ċeart costasaíoċt iomlán a ċoiméad i leiṫ gaċ saġas gabaltas agus ansin an plean a ṡoillsiú agus a ċur go láidir os coṁair na ḃfeilméaraí ar fud na Gaeltaċta.

IS ÁḂAR LÚṪAIRE DÚINN ANOIS go ḃfuil díreaċ a leiṫid de ṗlean á ṫriall i nGleann Colmcille. Tá súil againn go gcoiméadfar costaíoċt cruinn ar gaċ gné é le cruṫú do feilméaraí na Gaeltaċta amaċ anseo go dtig leo luaċ saoṫar réasúnta a ḟáil as a gcuid saoṫar ar na gaḃaltaisí beaga. Aċ ní mór a ċuiṁneaṁ ċoṁ maiṫ naċ ionann cás do gaċ Gaeltaċt eile fiú i dTírċonaill, agus do Ġleann Colmcille. Tá réimsí móra talaṁ caoráin agus sléiḃe i nGleann Colmcille ar féidir a míntíriú le síolrú spéire do ċoṫú caoraċ. Tá a leiṫid eile i nGleann Gaoiḃearra agus Gleann Finne. Aċ ní ṫriall nó sompla é sompla do Gaoṫ Doḃair nó Rann na Feirste! D'ḟéadfaí an plean céanna a úsáid beagán nó mórán in Árainn Móir agus i gCloiċeannaola aċ ní oirfeaḋ sé do Anagoire nó Doirí Beaga.

SÉ AN TRUA IS MÓ SIN AS UILE GUR TRÉ BÉARLA atá an scéim seo á ṫionscnaṁ. Ba ṫrua naċ Roinn na Gaeltaċta a d'ḟógraiġ agus a ṫúisnaiġ an scéim sa gcaoi go mbeaḋ sé ceangailte in intinn an ṗobail leis an Ġaeilge agus ina ṫaca don Ġaeilge. Sé bun rúta an scéil ar ndó gur tré Béarla, a spreagaḋ aiséirí Gleann Colmcille ar tús — ní gnó dúinn mindealú a ḋéanaṁ ar na cúiseanna. Tuigimíd go ḃfuil daoine ann adeir naċ Gaeltaċt Gleann Colmcille a ṫuille toisc naċ í an Ġaeilge an gnáṫeanga a ṫuille. Cé go ḃfuil cuid den ceart acu ní fíor ar fad, nó áit ar biṫ ar cainteoirí dúċais trom-laċ an ṗobail—agus tá sin fíor don ġleann fós—is féidir iad a ṫaḃairt arais ċuig an Ġaeilge mar gná-ṫeanga. D'ḟiú mór iarraċt do seo sula scaoilfí áit ċoṁ stairiúl ionspreagúil leis ċuig conairt an Ḃéarla.

Glanaḋ aicid eallaċ

Tá Bille le cur os coṁair na Dála gan ṁoill leis an aicíd eallaí a milleann gaṁna (Brucellosis) a ġlanaḋ as cuid eallaċ na hÉireann. Coṁ luaṫ agus a ḃéas an Bille i ḃfeiḋm, agus síniṫe ag an Uaċtarán, sé Dún na nGall an ċéad ċondae, a dtosnófar leis an scéim a ċur i ḃfeiḋm ann. Scéal maiṫ é seo do feirmeoirí Ḋún na nGall, mar tá baint ṁór ag na feirmeoirí anseo leis an Tuaisceart, agus ní ḃeiḋ eallaċ á ċeannaċt sa Tuaisceart mórán níos fuide, gan iad a ḃeiṫ saor ón Brucellosis seo.

Insan taoḃ seo den tír a tosaíoḋ ar eitinn bóluċt a ġlanaḋ fosta, agus is maiṫ an coṁarṫa coṁ maiṫ agus a d'éiriġ leis. Is maiṫ an rud go mbeiṫfear ag tos-nú ar an dara aicíd seo a ġlanaḋ i gCondae Ḋún na nGall ċoṁ maiṫ, agus tá ana ċoṁarṫa ann go n-eireóiḋ go maiṫ leis.

Ní raiḃ an aicíd seo ariaṁ ró olc i nDún na nGall agus mar sin, is fusa tosaiġ ann.

Barr na Trá

Ceann de na peacaí marfa a ginnealtóir, adúirt Eoin Mac Aoḋa, ag cruinniú de Ċoṁairle Condae Ṁuiġeo i gCaisleán an Ḃarraiġ, agus é ag cur síos ar an litriú ar an coṁarṫa bóṫar isteaċ go dtí Tráiġ Bárr na Trá. Ba é an litriú a bí ar an coṁarṫa bóṫar ná "Bartrá."

Seo muid caoga bliain taréis 1916, agus níl muid inann an seana ainm na h-áite a ċoiméad—arsa an tUas. Mac Aoḋa.

Dúirt S. A. Mac Aoḋagáin, Innealtóir Condae, gur cúis do ċunspóid áitiúl ab' ea an litriú mí-ċeart ar an ċoṁarṫa bóṫair. Bí sé den tuairim insan cás áiṫrid seo gur ċabraiġ múinteoir scoile áitúil leis an Ċoṁairle, ag litriú an ḟocail.

An t-Uasal Mac Aoḋa—Caiṫfiḋ an coṁarṫa ina ṫeaċt anuas.

Innealtóir—Bainfiḋ mé anuas é láiṫreaċ.

Banaltra do Ḃeannċor Iorrais

Taréis agóid a rinne Seán Barrett, Co.C., ag cruinniú Coṁairle Condae Ṁuiġeo, Dé Saṫairn, ṡocraiġ an cruinniú a ṁolaḋ go gceapfaí banaltra Sláinte Poiblí do ċeantar Ḃeannċor Iorrais gan ṁoill.

Dúirt an tUasal Barrett gur ċeap siad seaċt mbanaltra do ċeantraċa sa ċondae, in áit a raiḃ doċtúirí agus ospidéil. Bí ceantar ó Ḃeannċor go Baile an Ċaisleáin naċ raiḃ banaltra ar biṫ ann, agus ní raiḃ siad ag déanaṁ iarraċt ar biṫ le seirbís banaltraċta a ċur ar fáil sa ċeantar.

Bí ordú ag Banaltra Lady Dudley i nGaoṫ Sáile, gan dul níos fuide ná trí ṁíle ón teaċ.

Tá mé ag caint faoi seo le cúig bliana agus níl a ḃaṫ déanta go fóill, adúirt an tUasal Barrett.

Dúirt Éamonn Ó Ciarḋa, O.S., Co.C., naċ dtiocfaḋ le banaltra aṁáin freastal ar an méid oibre a bí san ċeantar, fiú dá mbeaḋ inġearán aici. gan tráċt ar roṫar nó gluaisteán. Dúirt sé gur ċeart go mbeaḋ ḋá ḃanaltra faoin Ċoṁairle Condae, ceann i nGaoṫ Sáile agus ceann i mBeannċor Iorras.

An Seanadóir Ó Lionaċáin — Má tá muid a ḋul a ceapaḋ banaltra ċor ar biṫ, is i mBeannċor ba ċeart dí a ḃeiṫ.

B. Ó Finn—Cad é an tuarasdal atá ag banaltra Sláinte Poiblí?

An Seanadóir Ó Líonaċáin — Níl banaltra ar biṫ idir Gaoṫ Sáile agus Nuaport agus Cros Uí Ṁaoilíona, agus is rud trom-ċúiseaċ é seo.

Dúirt an tUasal Ó Raġallaiġ naċ raiḃ eagras Lady Dudley abalta a n-intinn a ṡocrú cé'n ċeantar a ḃéanfaḋ siad, agus go raiḃ an ṁoill ar ṁuintir Ġaoṫ Sáile.

An tUasal Barrett — Muna dtig leis an Lady Dudley Nursing Association a n-intinn a ḋanaṁ suas, níor ċeart dúinn a ḃaṫ a ḃeiṫ againn le déanaṁ leo.

An tUasal Ó Líonaċáin — Tá 800 teaġlaí ag an ḃanaltra i nGaoṫ Sáile le freastal orṫa.

An tUasal Barrett — Cé'n ċaoi gur fágaḋ Beannċor amuiġ nuair a ceapaḋ 7 banaltraí Sláinte Poiblí?

An tUasal Ó Raġallaiġ — Sé an Coiste Cóiriṫe Sláinte a ḃfuil an tUasal Barrett ina ḃall dí a ċeap iad.

Ṡocraiġ an Coṁairle go gceapfaí banaltra poiblí do ċeantar Ḃeannċor Iorrais.

Ar moladh ó T. Giblin, Co.C. S. Ó Mórain, Acaill, ag cabrú leis, tug Coṁairle Condae Ṁuiġeo údarás go ndéanfaí bóiṫre poiblí den bóṫar ó Duaċ go Trá Duaċ, agus ó Oifig an Ṗosta Duaċ go dtí an céiḋ ag Duaċ.

Plean forbarta do Ġleannċolmcille

Scéim speisialta mar triall céard is fearr

Tá scéim úr i ḃfeiḋm le cabrú le feirmeoirí i gceantar Ġleann Ċolmcille, leis an tairgeaḋ feirme a ḟorbairt agus a leaṫnú, go dtí go mbeiḋ sé ábalta gléas beaṫa agus ioncaim a ṫaḃairt don teaġlaċ.

An tAire Talṁaíoċta agus Iascaiġ, Caṫal Ó hEoċaiḋ a ċur tús leis an scéim i Halla Muire, oíċe Dé Saṫairn. Bí an halla lán go doras, nuair a ṫug an tAire mionċuntas ar an scéim.

Scéim Forbarṫa Feirmeaċa Sléiḃe an Eargaill — is ainm don scéim, agus d'iarr an tAire lán coṁ-oibriú óna feirmeoirí, agus iad uiliġ páirt a ġlacaḋ ann. Dúirt an tAire gur triall ar leiṫ é a pleanáileaḋ go speisialta do riaċtanaisí an ċeantair, aċ, dúirt sé naċ leiġeas iomlán é ḋó aċ clár oibre speisialta.

Níos luaiṫe san tráṫnóna, ṫug an tAire agus an tAṫair Mac Duiḃir agus Seosaṁ Ó Braonáin, T.D., Aire Poist agus Telegrafa cuairt ar monarca Mín an Aoḋaire agus monarcan Cniotála Gaeltarra Éireann, i nGleann Colmcille. Tá an Roinn Airgeadais, Roinn Tailte agus Roinn na Gaeltaċta agus an Coiste Forbarṫa, Lár, ag coṁ-oibriú i bpleanáil na scéime seo, agus ag taḃairt tacaíoċt agus cabair dó.

Dúirt an tAire gur scrúdaiġ sé na moltaí go cúramaċ agus go báiḋiúil ina oifig, agus gur pléi sé siad le roinnt ṁaiṫ saineolaiṫe. Dá ḃárr sin, ṡocraiġ sé le grúpa sain-eolaiṫe óna Roinn, faoi ṫreor an Dr. Sculaiġ, Coiste Réagúnaċa an Iarṫair, a ṫeaċt go Gleann Colmcille, agus mion-scrúdú a ḋéanaṁ agus barúil a ṫaḃairt faoin ḟorbairt. As an mion-scrúdú seo, ṡocair siad ar clár cinnte gníṁ, agus ḃí sé ag taḃairt cuireaḋ do ḟeilméaraí Ġleann Colmcille, agus an ceantar ṫart timpeall, a ḃeiṫ páirteaċ ann.

Ṁeas siad go raiḃ spiorad i nGleann Colmcille, a d'ḟág é mar ionad ina ḃféadfaí scéim den tsórt seo a ċur ar bun.

Ṫuig siad go raiḃ toil i nGleann Colmcille leis an coṁ-ṫionóil agus an pobal a ċoinneáil san áit, agus ṫuig siad go gcaiṫfeaḋ an iarraċt a ṫeaċt ó n-a daoine ar tús, agus ḃí ḟios acu go raiḃ an treoir agus an spreagaḋ le fáil ón Aṫair Mac Duiḃir agus a ċoṁ-oibriṫeoirí.

Ċaiṫfí a gcuid iarraċtaí a ḃunú ar an talṁaíoċt.

Caiṫfeaḋ an feirm teaġlaiġ a ḃeiṫ abálta gléas beaṫa agus caiġdeán beaṫa réasúnta a ṫaḃairt don teaġlaċ. D'ḟéadfaí cur leis an ioncum sin ar a lán bealaí, tionscail áitiúl, turasóireaċt, iascaireaċt. foraoiseaċt, agus mar sin. Aċ, níor leor iad seo leo féin. Ċaiṫfeaḋ an dúsraiṫe a ḃeiṫ ann do feirmeoireaċt a mbeaḋ luaċ-saoṫar le fáil as, agus ḃeaḋ na rudaí eile go léir ag braṫ ar an dúsraiṫe sin.

Ba ṁór an ċabair díoḃṫa go raiḃ Coṁar-Ċumann acu i nGleann Colmcille, a ḃí faoi ḃainistíoċt éifeaċtaċ, fá ċoinne próiséisiú glasraí.

Ḋéanfaí leaṫnú ar seo. mar ċroí lár na scéime uiliġ. Ḃí an pleanáil níos éasca toisc go raiḃ sé seo ann ċeana. Sé an cuspóir a ḃí acu anseo, ná a ṫaispeáint céarr a d'ḟéadfaí a ḋéanaṁ i gceantar cúil boċt mar seo. Aċ, trial ar leiṫ a ḃí anseo de Ġleann Colmcille, agus do na paráistí ṫart timpeall.

Trial a measaḋ agus a cinneaḋ fá ċoinne an ceantar féin, toisc na coinníollaċa speisialta a ḃí ann, ċoṁ iargúlta agus a ḃí sé, agus an cineál talaiṁ a ḃí ann.

Masla a ċeartú

Scríoḃaḋ ċuig Ard Ṁéara Áṫa Cliaṫ ag iarraiḋ air ceist Kuno Meyer a ċur faoi ḃráid Ċoṁairle na Caṫraċ. Táṫar ag iarraiḋ go gcuirfí ainm Kuno Meyer arais go poiblí ar rolla saoránaċ Ċaṫair Áṫa Cliaṫ. Deineaḋ saoránaċ onóraċ de i 1908 aċ baineaḋ an ainm do rolla na saoránaċ i 1914 nuair a ṫosaiġ cogaḋ idir Ṡasana agus an Ġearmáin.

Do réir mar a tuigtear don Ċoiste fágaḋ an scéal mar sin ó ṡoin i leiṫ.

Aifrinntí Ġaeilge

Tá an Coiste Caṫraċ taréis iarraiḋ ar Ardeaspag Áṫa Cliaṫ go gcuirfí roinnt Aifreann ar fáil i nGaeilge ar lá ḟéile na Naoṁ Uile, an ċéad lá de ṁí na Samna.